NPWS

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
National Parks and Wildlife Service

# Nóta Treorach maidir le Comhlánú na Foirme Iarratais ar cheadúnas faoi Alt 32 den Acht um Fhiadhúlra – Idir Éan Fiáin & Ainmhí Fiáin

**Sonraí Pearsanta (Éan Fiáin & Ainmhí Fiáin)**

Ní mór an chuid seo a chomhlánú go hiomlán. Mura gcomhlánaítear gach cuid den chuid seo den fhoirm seolfar an fhoirm iarratais ar ais chuig an iarratasóir. Ní mór duit seoladh ríomhphoist bailí a chur ar an bhfoirm iarratais. Bain úsáid as BLOCLITREACHA inléite, le do thoil.

Má tá tú cleamhnaithe le heagraíocht/tionscadal, ba cheart duit ainm agus seoladh na hEagraíochta/Tionscadail a chur san áireamh. Mura bhfuil tú cleamhnaithe le haon eagraíocht/tionscadal, scríobh isteach N/B le do thoil.

**Sonraí Ceadúnais (Éan Fiáin & Ainmhí Fiáin)**

Tabhair le fios le do thoil más duine aonair, traenálaí nó duine faoi oiliúint thú. Más duine faoi oiliúint thú atá ag obair faoi threoir traenálaí, ní gá duit iarratas a dhéanamh ar cheadúnas ar leith. Ní mór na daoine faoi oiliúint go léir a bheith ainmnithe ar cheadúnas a dtraenálaí, áfach, chun iad a cheadú gníomhaíocht an cheadúnais a dhéanamh. Ceanglaítear ar thraenálaithe na daoine faoi oiliúint go léir a bheidh ag fáinniú faoina maoirseacht a liostú.

Caithfidh an tréimhse ina bhfuil ceadúnas ag teastáil a bheith laistigh de bhliain féilire.
Ní mór dáta tosaigh agus dáta deiridh a chur leis seo freisin.

Sa chás go raibh ceadúnas S32 ag iarratasóir an bhliain roimhe sin agus nach bhfuil foirm thuairisceáin curtha isteach aige/aici, seolfar an fhoirm iarratais ar ais chuig an iarratasóir.

**Gníomhaíocht bheartaithe le déanamh faoin gceadúnas seo (Éan Fiáin & Ainmhí Fiáin)**

Nuair a shonraítear an ghníomhaíocht bheartaithe atá le déanamh faoin gceadúnas seo, ceanglaítear ar iarratasóirí cur síos cuimsitheach agus géarchúiseach a thabhairt ar a n-oibríochtaí beartaithe. Cuireann sé seo imlíne shoiléir ar an gcineál gníomhaíochta agus raon feidhme na gníomhaíochta atá beartaithe san áireamh. (Réimsí samplacha - Eolaíochta, Oideachais, Oiliúna, etc)

**Cáilíochtaí/Taithí sa réimse gníomhaíochta seo (Éan Fiáin & Ainmhí Fiáin)**

Más bainteach, ba cheart don iarratasóir forbhreathnú ar a gcúlra oideachais a sholáthar ag cur béime ar aon chéimeanna, deimhnithe nó sainoiliúint a bhaineann leis an réimse.

Ina theannta sin, moltar achoimre mhionsonraithe ar an taithí ghairmiúil, lena n-áirítear poist ábhartha a bhí agat, tionscadail ar tugadh fúthu, agus éachtaí a baineadh amach.

**Dearbhú (Éan Fiáin & Ainmhí Fiáin)**

Caithfidh gach foirm iarratais a bheith sínithe agus dátaithe ag an iarratasóir. Mura bhfuil foirm iarratais sínithe agus dátaithe, ní dhéanfar í a phróiseáil agus cuirfear ar ais chuig an iarratasóir í.

## Éin Fhiáine Amháin Sceideal I & II

**Limistéar/limistéir ina n-oibreoidh an t-iarratasóir**

Ceanglaítear ar iarratasóirí an suíomh ina bhfuil sé beartaithe acu an ghníomhaíocht bheartaithe a chur i gcrích faoin gceadúnas seo a thabhairt. Ní mór dóibh an Contae a chur san áireamh freisin.

Chomh maith leis sin, moltar d’iarratasóirí a chinntiú nach bhfuil an ghníomhaíocht cheadúnaithe á déanamh acu in aon Limistéir Chaomhantais Speisialta (SAC). Is féidir amharcóir léarscáile a fháil sa nasc thíos;

LÉARSCÁIL SAC SPNF

**Modhanna Gabhála- Tabhair sonraí le do thoil ar an gcaoi a bhfuil sé ar intinn agat an t-éan fiáin a ghlacadh**

Mura ndéantar é sin trí líon nó trí ghaiste ní mór don iarratasóir liosta a thabhairt le fios conas atá sé ar intinn acu an t-éan fiáin a ghabháil chun críocha fáinnithe agus sonraí ábhartha a thabhairt faoin modheolaíocht seo.

**Cineál Feiste Marcála nó Fáinnithe**

Ba cheart don iarratasóir faisnéis mhionsonraithe a sholáthar maidir leis na modhanna nó na teicneolaíochtaí atá beartaithe aige/aici a úsáid chun éin fhiáine a shainaithint, a rianú nó monatóireacht a dhéanamh orthu.

## Sceideal I Fáinniú Ginearálta

### Ainm an Speicis

Ba cheart d’iarratasóirí na hainmneacha coiteanna agus eolaíocha araon, a sholáthar do gach speiceas a ndírítear air faoin gceadúnas.

**Sainmhínítear Sceideal I mar gach éan fiáin lasmuigh den séasúr póraithe, nó gach éan fiáin gan iad siúd atá liostaithe sa tábla thíos a chur san áireamh.**

**Is é an séasúr póraithe ná an 1 Márta go dtí an 31 Lúnasa.**

| | | |
|---|---|---|
| Geabhróg Artach | Éadar | Fabhcún Gorm |
| Scréachóg Reilige | Iolar Fíréan | Lóma Rua |
| Faoileán Ceanndubh | Meirleach Mór | Lon Creige |
| Foitheach Píbdhubh | Patraisc Bhroinnliath | Geabhróg Rósach |
| Faoileán Bán | Cromán na gCearc | Geabhróg Scothdhubh |
| Scótar | Guairdeall Gabhlach | Ulchabhán Réisc |
| Geabhróg | Geabhróg Bheag | Gleoiseach Shléibhe |
| Broigheall | Sléibhín Meánmhuirí | Ceolaire Coille |
| Traonach | Meirliún | Iolar Mara |
| Breacóg | Tuirne Lín | Glasóg Bhuí |

## Sceideal II Fáinniú

### Ainm an Speicis agus Uimhreacha ar a ndírítear

Ba cheart d’iarratasóirí na hainmneacha, idir coiteann agus eolaíoch araon, a sholáthar do gach ceann de na speicis a ndírítear orthu faoi na ceadúnais.

Chomh maith leis sin, ní mór d'iarratasóir líon measta na n-éan nó na n-ainmhithe aonair de gach speiceas a ndíreofar air a thabhairt.

**Sainmhínítear Sceideal II mar: na héin fhiáine a liostaítear thíos, le linn an tséasúir phóraithe amháin.**

**Is é an séasúr póraithe ná an 1 Márta go dtí an 31 Lúnasa.**

| | | |
|---|---|---|
| Geabhróg Artach | Éadar | Fabhcún Gorm |
| Scréachóg Reilige | Iolar Fíréan | Lóma Rua |
| Faoileán Ceanndubh | Meirleach Mór | Lon Creige |
| Foitheach Píbdhubh | Patraisc Bhroinnliath | Geabhróg Rósach |
| Faoileán Bán | Cromán na gCearc | Geabhróg Scothdhubh |
| Scótar | Guairdeall Gabhlach | Ulchabhán Réisc |
| Geabhróg | Geabhróg Bheag | Gleoiseach Shléibhe |
| Broigheall | Sléibhín Meánmhuirí | Ceolaire Coille |
| Traonach | Meirliún | Iolar Mara |
| Breacóg | Tuirne Lín | Glasóg Bhuí |

**Ainmhí Fiáin Amháin**

**Ainm an Speicis agus Uimhreacha ar a ndírítear**

Ba cheart d’iarratasóirí na hainmneacha coiteanna agus eolaíocha araon, a sholáthar do gach speiceas a ndírítear air faoin gceadúnas.

Chomh maith leis sin, ní mór d'iarratasóir líon measta na n-éan nó na n-ainmhithe aonair de gach speiceas a ndíreofar air a thabhairt.

**Limistéar/limistéir ina n-oibreoidh an t-iarratasóir**

Ceanglaítear ar iarratasóirí an suíomh ina bhfuil sé beartaithe acu an ghníomhaíocht bheartaithe a chur i gcrích faoin gceadúnas seo a thabhairt. Ní mór dóibh an Contae a chur san áireamh freisin.

Chomh maith leis sin, moltar d’iarratasóirí a chinntiú nach bhfuil siad i mbun gníomhaíochta in aon Limistéir Chaomhantais Speisialta (SAC). Is féidir amharcóir léarscáile a fháil sa nasc thíos;

LÉARSCÁIL SAC SPNF

**Modhanna Gabhála - Tabhair sonraí faoin gcaoi a bhfuil sé ar intinn agat an t-ainmhí fiáin a ghabháil**

Mura ndéantar é sin trí líon nó trí ghaiste ní mór don iarratasóir a thabhairt le fios conas atá sé ar intinn acu an t-ainmhí fiáin a ghabháil chun críocha fáinnithe agus sonraí ábhartha a thabhairt faoin modheolaíocht seo.

**Cineál Feiste Marcála nó Fáinnithe**

Ba cheart don iarratasóir faisnéis mhionsonraithe a sholáthar maidir leis na modhanna nó na teicneolaíochtaí atá beartaithe aige/aici a úsáid chun ainmhithe fiáine a shainaithint, a rianú nó chun monatóireacht a dhéanamh orthu. (feistí samplacha- marcáil le dathanna, clibeanna PIT tags, rianú raidió, etc)